Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14386/25**

**DENLEG 55**
**FOOD 93**
**SAN 664**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 109690 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le carraigínin (E 407), guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) a úsáid agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 109690.

---

Faoi iamh: D(2025) 109690

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2024/2042 REV.1
(POOL/E2/2024/2042/2042 R1-EN.docx) D109690/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le carraigínin (E 407), guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) a úsáid agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le carraigínin (E 407), guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) a úsáid agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseán bia[1], agus go háirithe Airteagail 10(3) agus 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia[2], agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 leagtar síos liosta Aontais de bhreiseáin bhia atá formheasta lena n-úsáid i mbianna agus coinníollacha a n-úsáide.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún[3] leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(3) Féadfar an liosta Aontais de bhreiseáin bhia a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil.

(4) Maidir le guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450), is breiseáin bhia iad a údaraítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

---

[1] IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj.

[2] IO L 354, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1331/oj.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj).

(5) An 20 Eanáir 2017 d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar ghuma pónaire lócaiste stéirile (E 410) mar bhreiseán bia[4]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh aon ghá le hiontógáil laethúil inghlactha uimhriúil agus nach mbeadh aon ábhar imní sábháilteachta ann maidir leis na húsáidí agus na leibhéil úsáide a tuairiscíodh. Mar sin féin, d'fhéadfadh naíonáin agus leanaí óga a itheann bianna chun críocha speisialta míochaine soghabháltacht níos airde a léiriú i leith éifeachtaí gastraistéigeacha guma pónaire lócaiste (E 410) mar gheall ar a mbunriocht sláinte. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach rabhthas in ann measúnú leordhóthanach a dhéanamh, de bharr na sonraí a bhí ar fáil, ar shábháilteacht guma pónaire lócaiste (E 410) i gcás ina n-úsáidtear é i mbianna chun críocha speisialta míochaine atá ceaptha do naíonáin agus do leanaí óga (catagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2). Mhol an tÚdarás roinnt modhnuithe ar na sonraíochtaí le haghaidh guma pónaire lócaiste (E 410) a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012. Ina theannta sin, mhol an tÚdarás carraigínin (E 407) a chur le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 san fhonóta le haghaidh 'deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar do leanaí óga' (catagóir bia 01.10 faoi láthair) lena rialaítear úsáid chomhcheangailte na ngumaí.

(6) An 18 Iúil 2018 sheol an tÚdarás glao poiblí ar shonraí teicniúla agus tocsaineolaíocha maidir le guma pónaire lócaiste (E 410) lena úsáid i mbianna do gach grúpa daonra, lena n-áirítear naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois, chun na sonraí is gá a bhailiú chun aghaidh a thabhairt ar a chuid moltaí maidir leis an mbreiseán bia sin. Chuir oibreoirí gnó sonraí ar fáil mar fhreagairt ar an nglao.

(7) An 9 Feabhra 2023 d'eisigh an tÚdarás 'tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar ghuma pónaire lócaiste (E 410) mar bhreiseán bia i mbianna do naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois agus obair leantach ar a athmheastóireacht mar bhreiseán bia lena úsáid i mbianna le haghaidh gach grúpa daonra'[5]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go mbaineann rioscaí sábháilteachta le húsáid guma pónaire lócaiste (E 410) i mbianna a thagann faoi chatagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2. A mhéid a bhaineann leis an tsonraíocht a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, mhol an tÚdarás leasú a dhéanamh ar an sainmhíniú, na huasteorainneacha le haghaidh dúile tocsaineacha (luaidhe, arsanaic, mearcair agus caidmiam) a laghdú, an focal 'intuaslagtha' a athrú go 'ineasraithe go hiomlán' ós rud é go gcruthaíonn hidreacollóidigh easráin chollóideacha in uisce in ionad fíorthuaslagán, agus mhol siad critéir mhicribhitheolaíochta a chur san áireamh.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar choinníollacha úsáide guma pónaire lócaiste (E 410) i gcatagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 agus a shainmhíniú agus a shonraíochtaí a leasú i bhfianaise na tuairime eolaíche ón Údarás. Go háirithe, ina shonraíochtaí, ba cheart na huasteorainneacha atá ann faoi láthair le haghaidh dúile tocsaineacha a laghdú agus ba cheart critéir mhicribhitheolaíocha a leagan síos i gcomhréir leis an tuairim eolaíoch ón Údarás, agus an leibhéal is féidir a bhaint amach faoi láthair trí dhea-chleachtais mhonaraíochta a chur i bhfeidhm á chur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart an focal 'intuaslagtha' a athrú go 'ineasraithe go hiomlán'.

---

4 EFSA Journal [Iris EFSA] 2017;15(1):4646, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4646.
5 EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(2):7775, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7775.

(9) An 24 Feabhra 2017 d’eisigh an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar ghuma guair (E 412) mar bhreiseán bia[6]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh aon ghá le hiontógáil laethúil inghlactha uimhriúil agus nach mbeadh aon ábhar imní sábháilteachta ann maidir leis na húsáidí agus na leibhéil úsáide a tuairiscíodh. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach rabhthas in ann measúnú leordhóthanach a dhéanamh, de bharr na sonraí a bhí ar fáil, ar shábháilteacht guma guair (E 412) i gcás ina n-úsáidtear é i mbianna chun críocha speisialta míochaine atá ceaptha do naíonáin agus do leanaí óga (catagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2). Mhol an tÚdarás roinnt modhnuithe ar na sonraíochtaí le haghaidh guma guair (E 412) a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012.

(10) An 18 Iúil 2018 sheol an tÚdarás glao poiblí ar shonraí teicniúla agus tocsaineolaíocha maidir le guma guair (E 412) lena úsáid i mbianna do gach grúpa daonra, lena n-áirítear naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d’aois, chun na sonraí is gá a bhailiú chun aghaidh a thabhairt ar a chuid moltaí maidir leis an mbreiseán bia sin. Chuir oibreoirí gnó sonraí ar fáil mar fhreagairt ar an nglao.

(11) An 21 Márta 2024 d’eisigh an tÚdarás ‘tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar ghuma guair (E 412) mar bhreiseán bia i mbianna do naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d’aois agus obair leantach ar a athmheastóireacht mar bhreiseán bia lena úsáid i mbianna le haghaidh gach grúpa daonra’[7]. A mhéid a bhaineann lena shonraíochtaí mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún, mhol an tÚdarás na huasteorainneacha le haghaidh dúile tocsaineacha a laghdú, na focail ‘tuaslagán/intuaslagtha’ a athrú go ‘easrú/ineasraithe’, lena n-áirítear critéir mhicribhitheolaíocha agus lena sonraítear modh Kjeldahl le haghaidh anailís phróitéine. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach leor na sonraí a cuireadh isteach chun sábháilteacht úsáide guma guair (E 412) a léiriú i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbianna chun críocha speisialta míochaine a thagann faoi chatagóirí bia 13.1.1, 13.1.5.1 nó 13.1.5.2.

(12) Dá bhrí sin, is iomchuí údarú guma pónaire lócaiste (E 412) i gcatagóirí bia 13.1.1, 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 a tharraingt siar agus a shonraíochtaí a leasú i bhfianaise na tuairime eolaíche ón Údarás. Go háirithe, ba cheart an modh próiseála a bheith sa sainmhíniú. Sna sonraíochtaí, ba cheart na huasteorainneacha atá ann faoi láthair le haghaidh dúile tocsaineacha a laghdú agus ba cheart critéir mhicribhitheolaíocha a leagan síos i gcomhréir leis an tuairim eolaíoch ón Údarás, agus an leibhéal is féidir a bhaint amach faoi láthair trí dhea-chleachtais mhonaraíochta a chur i bhfeidhm á chur san áireamh. Ós rud é gur tarraingíodh siar údarú guma guair (E 412) i gcatagóirí bia 13.1.1, 13.1.5.1 agus 13.1.5.2, ní gá critéar a shuí le haghaidh *Cronobacter* spp. (*Enterobacter sakazakii*), rud atá ábhartha go háirithe maidir le bianna a cheaptar do naíonáin faoi bhun 6 mhí d’aois. Thairis sin, ba cheart modh Kjeldahl a shonrú i gcás anailís phróitéine agus ba cheart na focail ‘tuaslagán/intuaslagtha’ a athrú go ‘easrú/ineasraithe’.

(13) An 6 Aibreán 2017 d’eisigh an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar ghuma arabach (guma acáise) (E 414) mar bhreiseán bia[8]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh aon ghá le hiontógáil laethúil inghlactha uimhriúil agus nach mbeadh aon ábhar imní sábháilteachta ann maidir leis na húsáidí agus na

---

6 EFSA Journal [Iris EFSA] 2017;15(2):4669, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4669.
7 EFSA Journal [Iris EFSA] 2024;22:e8748, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8748.
8 EFSA Journal [Iris EFSA] 2017;15(4):4741, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4741.

leibhéil úsáide a tuairiscíodh. Mhol an tÚdarás roinnt modhnuithe ar na sonraíochtaí le haghaidh guma guair (guma acáise) (E 414) a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012.

(14) An 10 Deireadh Fómhair 2018 sheol an tÚdarás glao poiblí ar shonraí teicniúla agus tocsaineolaíocha maidir le guma guair (guma acáise) (E 414) lena úsáid i mbianna do gach grúpa daonra, lena n-áirítear naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois, chun na sonraí is gá a bhailiú chun aghaidh a thabhairt ar a chuid moltaí maidir leis an mbreiseán bia sin. Chuir oibreoirí gnó sonraí ar fáil mar fhreagairt ar an nglao.

(15) An 13 Nollaig 2019 d'eisigh an tÚdarás 'tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar ghuma guair (E 414) mar bhreiseán bia i mbianna do naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois agus obair leantach ar a athmheastóireacht mar bhreiseán bia lena úsáid i mbianna le haghaidh gach grúpa daonra'[9]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil rioscaí sláinte ag baint le húsáid guma arabaigh (guma acáise) (E 414) ar na leibhéil úsáide atá ann faoi láthair. A mhéid a bhaineann lena shonraíochtaí mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún, mhol an tÚdarás na huasteorainneacha le haghaidh dúile tocsaineacha a laghdú, lena n-áirítear uasteorainn le haghaidh alúmanaim agus próitéiní, na critéir mhicribhitheolaíocha a leasú, agus a shonrú go bhfuil ocsaíodáisí agus sárocsaíodáisí díghníomhaithe.

(16) Dá bhrí sin, is iomchuí sonraíochtaí guma arabaigh (guma acáise) (E 414) a leasú i bhfianaise na tuairime eolaíche ón Údarás. Go háirithe, ba cheart uasteorainneacha le haghaidh alúmanaim agus próitéiní a leagan síos, ba cheart na huasteorainneacha atá ann faoi láthair le haghaidh dúile tocsaineacha chomh maith leis na critéir mhicribhitheolaíocha a leasú, i gcomhréir leis an tuairim eolaíoch ón Údarás, agus an leibhéal is féidir a bhaint amach faoi láthair trí dhea-chleachtais mhonaraíochta a chur i bhfeidhm á chur san áireamh. Thairis sin, ba cheart a shonrú gur cheart ocsaíodáisí agus sárocsaíodáisí a dhíghníomhú le linn an phróisis monaraíochta nuair a úsáidtear iad i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga. Ós rud é gur hidreacollóideach atá i nguma arabach (guma acáise) (E 414) a chruthaíonn easráin chollóideacha in uisce in ionad fíorthuaslagán, ba cheart an moladh ón Údarás na focail 'tuaslagán/intuaslagtha' a athrú go 'easrú/ineasraithe' arna dhéanamh le haghaidh hidreacollóidigh eile a chur i bhfeidhm freisin a mhéid a bhaineann le guma arabach (guma acáise) (E 414).

(17) An 14 Iúil 2017 d'eisigh an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar ghuma xantáin (E 415) mar bhreiseán bia[10]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh aon ghá le hiontógáil laethúil inghlactha uimhriúil agus nach mbeadh aon ábhar imní sábháilteachta ann maidir leis na húsáidí agus na leibhéil úsáide a tuairiscíodh. Shonraigh an tÚdarás nár cumhdaíodh naíonáin faoi bhun 12 sheachtain d'aois leis an athmheastóireacht ar ghuma xantáin (E 415). Mhol an tÚdarás roinnt modhnuithe ar na sonraíochtaí le haghaidh guma xantáin (E 415) a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012.

(18) An 18 Iúil 2018 sheol an tÚdarás glao poiblí ar shonraí teicniúla agus tocsaineolaíocha maidir le guma xantáin (E 415) lena úsáid i mbianna do gach grúpa daonra, lena n-áirítear naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois, chun na sonraí is gá a bhailiú chun aghaidh a thabhairt ar a chuid moltaí maidir leis an mbreiseán bia sin. Chuir oibreoirí gnó sonraí ar fáil mar fhreagairt ar an nglao.

---

9 EFSA Journal [Iris EFSA] 2019;17(12):5922, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5922.

10 EFSA Journal [Iris EFSA] 2017;15(7):4909, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4909.

(19) An 21 Márta 2023 d'eisigh an tÚdarás 'tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar ghuma xantáin (E 415) mar bhreiseán bia i mbianna do naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois agus obair leantach ar a athmheastóireacht mar bhreiseán bia lena úsáid i mbianna le haghaidh gach grúpa daonra'[11]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil aon ábhar imní sábháilteachta ann do naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois de bharr guma xantáin (E 415) a úsáid mar bhreiseán bia i gcatagóir bhia 13.1.5.1. A mhéid a bhaineann lena shonraíochtaí mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún, mhol an tÚdarás an sainmhíniú ar ghuma xantáin (E 415) a mhodhnú, an uasteorainn le haghaidh luaidhe a laghdú agus glacadh na n-uasteorainneacha le haghaidh arsanaice, mearcair agus caidmiam á chur san áireamh. Mhol an tÚdarás freisin na focail 'tuaslagán/intuaslagtha' a athrú go 'easrú/ineasraithe', na critéir mhicribhitheolaíocha a leasú agus modh Kjeldahl a shonrú i gcás anailís nítrigine. Dá bhrí sin , is iomchuí sonraíochtaí guma xantáin (E 415) a leasú dá réir sin. I bhfianaise na tuairime eolaíche ón Údarás, is iomchuí, dá bhrí sin, sainmhíniú agus sonraíochtaí guma xantáin (E 415) a leasú.

(20) An 6 Iúil 2017 d'eisigh an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar pheictin (E 440i) agus peictin aimídithe (E 440ii) mar bhreiseáin bhia[12]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh aon ghá le hiontógáil laethúil inghlactha uimhriúil agus nach mbeadh aon ábhar imní sábháilteachta ann maidir leis na húsáidí agus na leibhéil úsáide a tuairiscíodh. Measadh nach rabhthas in ann measúnú leordhóthanach a dhéanamh, de bharr na sonraí a bhí ar fáil, ar shábháilteacht peictiní (E 440) i naíonáin agus i leanaí óga a itheann bianna a bhaineann le catagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2. Mhol an tÚdarás roinnt modhnuithe ar an sainmhíniú ar pheictin (E 440i) agus peictin aimídithe (E 440ii), agus ar na sonraíochtaí lena n-aghaidh, a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012.

(21) An 18 Iúil 2018 sheol an tÚdarás glao poiblí ar shonraí teicniúla agus tocsaineolaíocha maidir le peictiní (E440i) agus peictin aimídithe (E 440ii) lena n-úsáid mar bhreiseáin bhia i mbianna do gach grúpa daonra, lena n-áirítear naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois, chun na sonraí is gá a bhailiú chun aghaidh a thabhairt ar a mholtaí i ndáil leis na breiseáin bhia sin agus chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht peictiní (E 440) do naíonáin agus do leanaí óga a itheann bianna a bhaineann le catagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2. Chuir oibreoirí gnó sonraí ar fáil mar fhreagairt ar an nglao.

(22) An 29 Eanáir 2021 d'eisigh an tÚdarás 'tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar pheictin (E 440i) agus peictin aimídithe (E 440ii) mar bhreiseáin bhia i mbianna do naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois agus obair leantach ar a n-athmheastóireacht mar bhreiseáin bhia lena n-úsáid i mbianna le haghaidh gach grúpa daonra'[13]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil rioscaí sláinte ag baint le húsáid peictiní (E 440) i gcatagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 ar na leibhéil atá údaraithe faoi láthair. A mhéid a bhaineann lena sonraíochtaí mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún, mhol an tÚdarás na huasteorainneacha le haghaidh dúile tocsaineacha a laghdú, lena n-áirítear uasteorainn le haghaidh alúmanaim agus lena n-áirítear critéir mhicribhitheolaíocha.

(23) Dá bhrí sin, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar choinníollacha úsáide peictiní (E 440) i gcatagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 agus a sainmhíniú agus a sonraíochtaí a

[11] EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(5):7951, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7951 .
[12] EFSA Journal [Iris EFSA] 2017;15(7):4866, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4866.
[13] EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(1):6387, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6387.

leasú i bhfianaise na tuairime eolaíche ón Údarás. Go háirithe, ina sonraíochtaí, ba cheart na huasteorainneacha atá ann faoi láthair le haghaidh dúile tocsaineacha a laghdú, ba cheart uasteorainn le haghaidh alúmanaim a leagan síos agus ba cheart critéir mhicribhitheolaíocha a leagan síos i gcomhréir leis an tuairim eolaíoch ón Údarás, agus an leibhéal is féidir a bhaint amach faoi láthair trí dhea-chleachtais mhonaraíochta a chur i bhfeidhm á chur san áireamh. Ós rud é gur hidreacollóidigh atá i bpeictiní (E 440) a chruthaíonn easráin chollóideacha in uisce in ionad fíorthuaslagán, tá feidhm ag an moladh ón Údarás na focail 'tuaslagán/intuaslagtha' a athrú go 'easrú/ineasraithe', arna dhéanamh le haghaidh hidreacollóidigh eile, maidir le peictiní (E 440) freisin.

(24) An 5 Deireadh Fómhair 2017 d'eisigh an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar stáirse ocsaídithe (E 1404), fosfáit aonstáirse (E 1410), fosfáit déstáirse (E 1412), fosfáit déstáirse fosfáitithe (E 1413), fosfáit déstáirse aicéitilithe (E 1414), stáirse aicéitilithe (E 1420), adapáit déstáirse aicéitilithe (E 1422), stáirse hiodrocsapróipile (E 1440), fosfáit déstáirse hiodrocsapróipile (E 1442), sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450), stáirse ocsaídithe aicéitilithe (E 1451) agus sucsainéit ochtainile alúmanaim stáirse (E 1452) mar bhreiseáin bhia[14]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh aon ghá le hiontógáil laethúil inghlactha uimhriúil agus nach mbeadh aon ábhar imní sábháilteachta ann maidir leis na húsáidí agus na leibhéil úsáide a tuairiscíodh. Sonraíodh nach rabhthas in ann measúnú leordhóthanach a dhéanamh, de bharr na sonraí a bhí ar fáil, ar shábháilteacht sucsainéite ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) i naíonáin agus i leanaí óga a itheann bianna a bhaineann le catagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2. Mhol an tÚdarás roinnt modhnuithe ar an sainmhíniú ar shucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450), agus ar na sonraíochtaí lena haghaidh, a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012.

(25) An 18 Iúil 2018 sheol an tÚdarás glao poiblí ar shonraí teicniúla agus tocsaineolaíocha maidir le sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) lena húsáid mar bhreiseán bia i mbianna do gach grúpa daonra, lena n-áirítear naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois, chun na sonraí is gá a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar a sábháilteacht do naíonáin agus do leanaí óga a itheann bianna a bhaineann le catagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2. Chuir oibreoirí gnó sonraí ar fáil mar fhreagairt ar an nglao.

(26) An 13 Lúnasa 2020 d'eisigh an tÚdarás 'tuairim eolaíoch maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar shucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) mar bhreiseán bia i mbianna do naíonáin faoi bhun 16 seachtaine d'aois agus obair leantach ar a hathmheastóireacht mar bhreiseán bia lena úsáid i mbianna le haghaidh gach grúpa daonra'[15]. A mhéid a bhaineann lena sonraíochtaí mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún, mhol an tÚdarás na huasteorainneacha le haghaidh dé-ocsaíd sulfair, arsanaice, luaidhe agus mearcair a laghdú, lena n-áirítear uasteorainn le haghaidh caidmiam, lena sonraítear nach bhfuil glútan le bheith i sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) nuair a úsáidtear é i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach agus lena n-áirítear critéir mhicribhitheolaíocha. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil aon ábhar imní sábháilteachta ann i gcás ina bhfuil nochtadh cothúcháin naíonán agus leanaí óga a itheann bianna a bhaineann le catagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 laistigh den raon dáileoige a thuairiscítear sna staidéir chliniciúla (suas le 2,725 mg/kg bw in aghaidh an

[14] EFSA Journal [Iris EFSA] 2017;15(10):4911, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4911.
[15] EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(8):5874, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5874.

lae). Thug an tÚdarás dá aire, áfach, go bhféadfadh na meastacháin ar nochtadh a bheith níos airde ná an dáileog sin ag na leibhéil úsáide a tuairiscíodh.

(27) Dá bhrí sin, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar choinníollacha úsáide sucsainéite ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) i gcatagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 agus a shonraíochtaí a leasú i bhfianaise na tuairime eolaíche ón Údarás. Go háirithe, ina sonraíochtaí, ba cheart na huasteorainneacha atá ann faoi láthair le haghaidh dé-ocsaíd sulfair, arsanaice, luaidhe agus mearcair a laghdú, ba cheart uasteorainn le haghaidh caidmiam, mar aon le critéir mhicribhitheolaíocha, a leagan síos i gcomhréir leis an tuairim eolaíoch ón Údarás, agus an leibhéal is féidir a bhaint amach faoi láthair trí dhea-chleachtais mhonaraíochta a chur i bhfeidhm á chur san áireamh. Thairis sin, ba cheart a shonrú nár cheart glútan a bheith i sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) a úsáidtear i mbainne foirmle do naíonáin agus i mbainne foirmle leantach. Ós rud é gur hidreacollóideach atá i sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) a chruthaíonn easráin chollóideacha in uisce in ionad fíorthuaslagán, tá feidhm ag an moladh ón Údarás na focail 'tuaslagán/intuaslagtha' a athrú go 'easrú/ineasraithe', arna dhéanamh le haghaidh hidreacollóidigh eile, maidir le sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) freisin.

(28) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 1333/2008 agus (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir.

(29) Ós rud é nár shainaithin an tÚdarás ábhar imní láithreach ó thaobh na sláinte de a bhain leis na sonraíochtaí reatha le haghaidh guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) agus, chun deis a thabhairt do na hoibreoirí gnó bia, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, iad féin a oiriúnú do na sonraíochtaí níos déine nua a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart cur i bhfeidhm na sonraíochtaí nua a chur siar agus ba cheart idirthréimhse a sholáthar maidir le húsáid na mbreiseán bia sin a chuirtear ar an margadh go dlíthiúil roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(30) Ar na cúiseanna céanna, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le bianna ina bhfuil guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) nó sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) atá curtha ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(31) Ós rud é nár shainaithin an tÚdarás ábhar imní sláinte láithreach bainteach le coinníollacha úsáide breiseán bia áirithe a leasaítear leis an Rialachán seo agus chun go mbeadh na hoibreoirí gnó bia, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, in ann oiriúnú do na coinníollacha nua úsáide a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart cur i bhfeidhm na gcoinníollacha sin a chur siar 6 mhí agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh bia a chuirfí ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Mar sin féin, i bhfianaise na gcéimeanna éagsúla is gá chun bianna a bhaineann le catagóirí bia 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 a athfhoirmliú chun oiriúnú do na coinníollacha nua úsáide le haghaidh sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450), agus chun a áirithiú go mbeidh fáil ar na bianna a bhaineann leis na catagóirí bia sin, ba cheart cur i bhfeidhm na gcoinníollacha nua úsáide le haghaidh an bhreiseáin bia sin a chur siar ar feadh tréimhse ní b'fhaide.

(32) Ós rud é nár shainaithin an tÚdarás ábhar imní sláinte láithreach bainteach le húsáid guma guair (E 412) i gcatagóirí bia 13.1.1, 13.1.5.1 agus 13.1.5.2 agus chun go mbeadh na hoibreoirí gnó bia, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide,

teacht ar rogha mhalartach, ba cheart tarraingt siar údarú na húsáide sin a chur siar 6 mhí agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh táirgí a chuirfí ar an margadh sular tarraingíodh siar an t-údarú sin. Mar sin féin, ós rud é go n-úsáidtear guma guair (E 412) i mbianna a bhaineann le catagóir bhia 13.1.5.2 in éineacht le ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) ar tarraingíodh siar an t-údarú ina leith le Rialachán (AE) 2025/666 ón gCoimisiún[16] ón 27 Aibreán 2027 ar aghaidh, is iomchuí tarraingt siar an údaraithe úsáide le haghaidh guma guair (E 412) maidir leis an gcatagóir bhia sin a chur siar go dtí an dáta sin.

(33) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

1. Maidir leis na breiseáin bhia guma pónairí lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh [*6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], féadfar iad a chur le bia i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 go dtí go n-ídeofar na stoic.

2. Maidir le bianna a gcuirtear na breiseáin bhia guma pónairí lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) leo, ar breiseáin bhia iad a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh [*6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], féadfar iad a chur ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó go dtí a 'ndáta éagtha'.

3. Maidir le bianna nach gcomhlíonann na forálacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I agus atá curtha ar an margadh go dleathach roimh [6 *mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] nó, i gcás bianna ina bhfuil sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse

[16] Rialachán (AE) 2025/666 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2025 lena leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid ceallalóis carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466) agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh ceallalóis (E 460), ceallalós meitile (E 461), ceallalós eitile (E 462), ceallalós hiodrocsapróipile (E 463), ceallalós meitile hiodrocsapróipile (E 464), ceallalós meitile eitile (E 465), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam, guma ceallalóis (E 466), ceallalós carbocsaimeitile sóidiam trasnasctha, guma ceallalóis trasnasctha (E 468) agus ceallalós carbocsaimeitile hidrealaithe go heinsímeach (E 469) (IO L, 2025/666, 7.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/666/oj).

(E 1450) roimh [*24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], féadfar leanúint dá margú go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a 'ndáta éagtha'.

4. Maidir le bianna atá curtha ar an margadh go dleathach roimh [*6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] agus a bhaineann le catagóirí bia 13.1.1 'Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013' agus 13.1.5.1 'Bia chun críocha speisialta míochaine, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, atá ceaptha do naíonáin' agus ina bhfuil guma guair (E 412), féadfar leanúint dá margú go dtí a ndáta íosmharthanachta nó go dtí a 'ndáta éagtha'.

5. Maidir le bianna a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an 27 Aibreán 2027 agus a bhaineann le catagóir bhia 13.1.5.2 'Bia chun críocha speisialta míochaine, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin atá 4 mhí d'aois agus ar aghaidh agus do leanaí óga' agus bianna ina bhfuil guma guair (E 412), féadfar leanúint dá margú go dtí a ndáta íosmharthanachta nó go dtí a 'ndáta éagtha'.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*